
# FIONTAIR SHÓISIALTA IN ÉIRINN

## TREOIR UM STRUCHTÚIR DLÍ
## SAMHAIN 2020



REUTERS / CLODAGH KILCOYNE

THOMSON REUTERS FOUNDATION

MASON HAYES & CURRAN

# SÉANADH

Tá an Treoir seo curtha i dtoll a chéile ag Thomson Reuters Foundation agus Mason Hayes & Curran LLP chun críocha faisnéis a thabhairt dá léitheoirí agus chun cúnamh a thabhairt dóibh níos mó a fhoghlaim faoi na struchtúir dlí atá ar fáil d'fhiontair shóisialta in Éirinn, agus chun na críocha sin amháin. Mar sin féin, ní dheimhníonn Thomson Reuters Foundation agus Mason Hayes & Curran LLP cruinneas na faisnéis sa Treoir ná ní ghlacann dliteanas aisti.

Tá an Treoir seo beartaithe faisnéis ghinearálta a chur in iúl agus sin amháin agus ní comhairle dlí atá i gceist. Dá bharr sin, d'fhéadfadh nach mbainfeadh sí le gach cás agus ní cheart brath uirthi ná gníomhú dá réir mar chomhairle dlí. Moltar go láidir do léitheoirí ar mian leo gníomhú de réir fhaisnéis ar bith sa Treoir seo comhairle ar leith a lorg ó chomhairleoir dlí maidir lena gcúinsí sonracha féin. Ní thugtar faisnéis dlí ar gach foirm chorparáideach atá ar fáil sa Treoir seo agus tá sí cothrom le dáta amhail mhí Dheireadh Fómhair 2020 agus sin amháin. Cé go bhfuil súil againn agus go gcreidimid go mbeidh an Treoir áisiúil mar eolas cúlra, ní féidir linn agus ní mian linn gealladh go bhfuil sí cruinn nó iomlán, go háirithe agus athrú a theacht ar chúinsí i ndiaidh an Treoir a fhoilsiú.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

**Tá an t-aistriúchán seo ar na "Fiontair Shóisialta in Éirinn Treoir um Struchtúir Dlí" maoinithe ag An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.**

# MAIDIR LINNE

## THOMSON REUTERS FOUNDATION

Is é Thomson Reuters Foundation fondúireacht chorparáideach Thomson Reuters, an chuideachta dhomhanda um sheirbhísí nuachta agus faisnéise. Oibrímid chun saoirse na meán a chur chun cinn, chun feasacht faoi chúrsaí cearta an duine a ardú agus chun geilleagair níos cuimsithí a chothú. Trí bhíthin nuachta, forbairt ar na meáin, cúnamh dlí saor in aisce agus tionscnaimh a thionól, déanann an Fhondúireacht a seirbhísí uathúla a chomhcheangal chun athrú dinimiciúil a bhrú chun cinn. Is é TrustLaw clár dlí pro bono domhanda Thomson Reuters Foundation, lena ndéantar na cuideachtaí dlí agus na foirne dlí corparáideacha is fearr ar domhain a nascadh le Eagraíochtaí Neamhrialtasacha ardtionchair agus le fiontair shóisialta chun athrú sóisialta agus comhshaoil a bhaint amach. Déanaimid taighde dlí ceannródaíoch agus soláthraímid cúrsaí oiliúna nuálacha ar fud an domhain.

## MASON HAYES & CURRAN LLP

Is cuideachta dlí gnó é Mason Hayes & Curran LLP, a bhfuil oifigí aici i mBaile Átha Cliath, i Londain, i Nua Eabhrac agus in San Francisco agus a chuireann raon leathan seirbhísí gnó ar fáil. An aidhm atá againn, freastal ar ár gcliaint trí bhíthin chomhairle dlí ábhartha den chéad scoth a sholáthar go leanúnach, go tapa agus go soiléir. Tairgimid fíor-neart agus fíor-dhoimhneacht, bua fiontraíochta agus fócas gnó. Oibrímid i gcomhar lenár ngrúpaí cleachtais uile chun raon leathan tacaíochta agus comhairle a thairgeadh, arna soláthar againn le béim ar chúrsaí tráchtála.

Tá ár bhfoireann Carthanais agus Neamhbhrabúis ag freastal ar earnáil na gcarthanas, na fiontraíochta sóisialta, na n-eagraíochtaí neamhbhrabúis agus ar an earnáil dheonach níos leithne leis na deicheanna de bhlianta anuas, rud a thugann feasacht mhór dúinn faoi fheidhmiú agus gníomhaíocht eagraíochtaí den sórt sin a dhíríonn go láidir ar a misean agus a gcuspóir a chur i gcrích. Níl sárú ar eolas agus taithí ár n-aturnaetha ar an earnáil le fáil, ná ar an tuiscint mhaith atá acu ar mhisin agus físeanna ár gcliant. Cuirimid sainseirbhísí dlí saincheaptha ar fáil do chomhlachtaí cáiliúla idirnáisiúnta agus d’eagraíochtaí beaga pobal-bhunaithe. Tuigeann an fhoireann na brúnna atá os comhair carthanais agus fiontair shóisialta agus a ngníomhaíochtaí á gcur i gcrích acu i saol tráchtála an lae inniu, fad a choinníonn siad iad féin cothrom le dáta le córais rialála agus le hathruithe reachtacha. Tugaimid cúnamh rialta dár gcliaint leis an iliomad saincheisteanna chasta agus straitéiseach atá os comhar an tríú earnáil, chun cabhrú lena n-aidhmeanna um éifeachtaí dearfacha sóisialta, sochaíocha nó comhshaoil a bhaint amach.

# CLÁR ÁBHAR

**RÉAMHFHOCAL** .......... **5**

**FORBHREATHNÚ** .......... **6**

**CÉN CINEÁL STRUCHTÚR DLÍ ATÁ CEART DO M'EAGRAÍOCHT?** .......... **8**

**STRUCHTÚIR DLÍ** .......... **9**

1 CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA .......... 10

2 CUIDEACHTA PHRÍOBHÁIDEACH FAOI THEORAINN SCAIREANNA 14

3 CUIDEACHTA GNÍOMHAÍOCHTA AINMNITHE .......... 18

4 COMHARCHUMANN .......... 22

5 TRÁDÁLAÍ AONAIR .......... 25

6 COMHLACHAS NEAMHCHORPRAITHE .......... 28

7 COMHPHÁIRTÍOCHT .......... 30

8 IONTAOBHAS .......... 33

9 STRUCHTÚIR HIBRIDE .......... 35

**CÁS-STAIDÉIR** .......... **36**

# RÉAMHFHOCAL

I mí Iúil 2010, sheol Thomson Reuters Foundation TrustLaw, seirbhís pro bono dhomhanda a mhéadaíonn an tionchar a bhíonn ag eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ag fiontair shóisialta trí bhíthin iad a nascadh leis na dlíodóirí is fearr ar fud an domhain. Ár misean: cleachtas na hoibre pro bono a leathadh ar fud an domhain chun athrú sóisialta a chur chun cinn.

Ba thosaíocht i gcónaí dúinn é tacú le heagraíochtaí nuálacha a bhfuil an poitéinseal acu dul i ngleic leis an iliomad fadhbanna comhshaoil, daonnúla agus sóisialta sa domhan. Agus earnáil na fiontraíochta sóisialta agus na hinfheistíochta sóisialta ag éirí níos mó agus níos mó sofaisticiúil ar fud an domhain, creidimid go bhfuil na hiarrachtaí sin tábhachtach ach go háirithe chun tionchar a imirt ar an tsochaí ar scála mór, ach d'fhéadfadh easpa acmhainní dlí cur isteach ar a n-éifeachtacht.

Tá TrustLaw ag obair le príomhghníomhaithe in earnáil na fiontraíochta sóisialta ar fud an domhain le breis agus deich mbliana anuas, i gcomhpháirtíocht le cuideachtaí dlí ceannaireachta, chun sraith treoracha struchtúraithe dlí a fhorbairt d'fhiontair shóisialta i réigiúin éagsúla. Is uirlisí ríthábhachtacha iad sin anois don iliomad fiontair shóisialta. Féadfaidh an struchtúr dlí atá ag fiontar sóisialta tionchar ollmhór a imirt ar na cineálacha airgeadais atá ar fáil dó agus ar an tslí a bhféadfaidh an eagraíocht feidhmiú agus fás.

I mí Iúil 2019, thug Rialtas na hÉireann Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn 2019-2022 isteach. Bhí sainmhíniú ar fhiontair shóisialta san áireamh sa bheartas ach tugadh aitheantas go raibh tuilleadh taighde de dhíth chun measúnú a dhéanamh ar an luach a d'fhéadfadh a bheith ag foirm dhlíthiúil ar leithligh le haghaidh fiontair shóisialta. Trínár gcuid oibre le fiontair shóisialta in Éirinn, chonaiceamar an gá leis an Treoir achomair seo ina leagtar amach na struchtúir dlí éagsúla atá ar fáil. Cibé acu atá tú ag tosú amach ar do smaoineamh fiontraíochta a cheapadh nó ag obair i bhfiontar sóisialta bunaithe, gheobhaidh tú forbhreathnú soiléir ar na struchtúir dlí éagsúla atá ar fáil duit sa Treoir seo. Tá crann cinnteoireachta inti freisin chun cabhrú leat.

Táimid thar a bheith buíoch de Mason Hayes & Curran LLP as a ndíograis agus as na hacmhainní fairsinge a chuir siad ar fáil dúinn trínar cuireadh ar ár gcumas an Treoir seo a chur i dtoll a chéile. Gabhaimid buíochas speisialta le Rethink Ireland, le Social Entrepreneurs Ireland, le Irish Social Enterprise Network, agus lena chomhaltaí, agus leis an bhfoireann sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, as an rannchuidiú uile leis an Treoir seo a ullmhú.

Carolina Henriquez-Schmitz
Stiúrthóir, TrustLaw
Thomson Reuters Foundation

# FORBHREATHNÚ

Is éard is aidhm leis an Treoir seo cabhrú le fiontair shóisialta struchtúr dlí oiriúnach a roghnú faoina ndéanfaidh siad a ngníomhaíochtaí. Níl ann don struchtúr dlí "is fearr"; baineann buntáistí agus míbhuntáistí le gach ceann, cé go mbeidh struchtúir as a chéile níos oiriúnaí do chineálacha éagsúla fiontair. Pléitear sa Treoir seo leis na struchtúir dlí atá ar fáil agus leis na cinn is mince a roghnaítear agus fiontar sóisialta á bhunú in Éirinn.

Murab ionann agus dlínsí eile, níl foirm dhlíthiúil le haghaidh fiontar sóisialta faoi dhlí na hÉireann. Is iad na struchtúir dlí arna leagan amach sa Treoir seo na cinn a roghnaíonn fiontair shóisialta go hiondúil. Tá roinnt de na struchtúir sin níos coitianta ná cinn eile. Ar mhaithe le hiomláine, tá na struchtúir féideartha uile curtha san áireamh againn sa Treoir seo, fiú na cinn nach bhfuil chomh coitianta sin. Ní dhéantar fiontar sóisialta d'eintiteas trí bhíthin ceann de na struchtúir sin a roghnú agus sin amháin. Bíonn gnéithe éagsúla a bhaineann le cuspóir na heagraíochta, an tslí a n-úsáideann sí a brabús agus an tslí a rialaítear í i gceist lena chinneadh cibé an fiontar sóisialta í an eagraíocht sin nó nach ea.

Cé gur iomaí sainmhíniú ann ar an téarma "fiontar sóisialta", is é an sainmhíniú a thugtar sa Bheartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn 2019 – 2022:

*"Is ionann Fiontar Sóisialta agus fiontar a bhfuil toradh sóisialta, sochaíoch nó comhshaoil d'aidhm leis seachas brabús a ghnóthachtáil d'úinéirí nó do gheallsealbhóirí. Tugtar faoi na haidhmeanna sin a bhaint amach trí dul i mbun trádála go seasta leanúnach trí earraí agus/nó seirbhísí a chur ar fáil agus trí athinfheistiú, ar mhaithe leis na haidhmeanna sóisialta a thabhairt i gcrích, a dhéanamh ar aon bharrachas a shaothraítear. Déantar é a rialú ar bhealach freagrach follasach."*

Is minic a mbaintear úsáid as na téarmaí "neamhbhrabúis" agus "seachbhrabúsach" agus cur síos á dhéanamh ar fhiontair shóisialta, cé go mbaintear úsáid as na téarmaí sin le haghaidh raon leathan eagraíochtaí eile freisin, carthanais chláraithe ina measc. Níl aon sainmhíniú dlíthiúil in Éirinn ar na téarmaí "neamhbhrabúis" agus "seachbhrabúsach". I gcomhthéacs fiontair shóisialta, is é an rud is cruinne le rá, gur eagraíocht bhrabúsach go hiondúil é fiontar sóisialta, ach go bhféachann sé leis an mbrabús sin a úsáid, agus go n-úsáideann sé an brabús sin, chun a aidhm shóisialta, shochaíoch nó chomhshaoil a bhaint amach, seachas chun deis a thabhairt dá chomhaltaí agus dá infheisteoirí brabús a dhéanamh as an ngnólacht, ar deireadh, faoi mar a dhéantar i gcás eagraíochtaí lán-tráchtála. Go hiondúil, bíonn uirlis éigin i struchtúr eagraíochtaí fiontraíochta sóisialta a chuireann sócmhainní "faoi ghlas", is é sin, a chuireann cosc nó teorann ar dháileadh mhaoin agus ioncam an ghnólachta ar chomhaltaí, úinéirí nó bainisteoirí na heagraíochta.

Braithfidh an struchtúr dlíthiúil is oiriúnaí d'fhiontar sóisialta faoi leith ar chúinsí éagsúla. Leagtar amach thíos achoimre ar na cúinsí is tábhachtaí chun struchtúr dlíthiúil oiriúnach

a roghnú, chomh maith le roinnt buntáistí agus míbhuntáistí ardleibhéil a bhaineann le gach struchtúr. Tá cás-Staidéir maidir le cúig fhiontar sóisialta a ghlac le cineálacha éagsúla struchtúr dlíthiúil leagtha amach freisin.

Agus cinneadh á dhéanamh faoin struchtúr dlíthiúil is oiriúnaí, is tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an bhfoinse maoinithe a bhfuiltear ag súil leis don fiontar sóisialta agus cibé an mbeidh sonraíochtaí ag na páirtithe leasmhara beartaithe (lena n-áirítear maoinitheoirí, custaiméirí, comhaltaí, socraitheoirí, comhpháirtithe agus tairbhithe) i ndáil le struchtúr dlíthiúil an ghnó.


Tarlaíonn sé go han-mhinic go n-éilíonn maoinitheoirí go mbeadh nithe faoi leith leabaithe i ndoiciméad rialaithe an fhiontair shóisialta, lena n-áirítear aidhm shonraithe shóisialta, shochaíoch nó chomhshaoil, nó toirmeasc ar mhaoin a bheith á dáileadh ag an bhfiontar dá mbeadh sin lasmuigh dá aidhm shonraithe. Anuas air sin, seans go mbeadh maoinitheoirí áirithe ag iarraidh cothromas (amhail scaireanna) san fhiontar a fháil. Ba cheart maoinitheoirí beartaithe nó féideartha an fhiontair a shainaithint chomh luath agus is féidir, agus ba cheart dianmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid riachtanas agus struchtúr dlíthiúil oiriúnach á roghnú.

Ábhar machnaimh eile d'fhiontar sóisialta é cibé an gcuirfí é faoi chóras na rialála carthanas mar thoradh ar a ghníomhaíochtaí. Sa chás go dtagann eagraíocht leis an sainmhíniú ar "eagraíocht charthanúil" faoin Acht Carthanas 2009, ní mór di clárú mar charthanas sula bhfeidhmeoidh sí nó sula ndéanfaidh sí gníomhaíochtaí ar bith in Éirinn. Cé nach luaitear é sin go sonrach faoi gach struchtúr dlíthiúil a bhfuil achoimre air thíos, is tábhachtach measúnú a dhéanamh ag céim luath sa phróiseas lena fháil amach cibé an gcaithfidh fiontar sóisialta clárú mar charthanas agus cloí le rialáil carthanas. Ceadaítear do carthanais chláraithe iarratas a dhéanamh ar na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh díolúine ó cháin do charthanais. D'fhéadfadh maoinitheoirí áirithe a éileamh ar eagraíocht a bheith cláraithe mar charthanas le bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú, mar sin is fiú breithniú a dhéanamh air sin.

Féadfaidh fiontar sóisialta cinneadh a struchtúr dlíthiúil a athrú de réir mar a dtagann forbairt air. Is féidir é sin a dhéanamh, ach d'fhéadfadh sé a bheith costasach, mar sin is é an rud is fearr é dianmhachnamh a dhéanamh ar an struchtúr dlíthiúil ag eagraíocht ag tosú amach ar an bhfód.

Cúinse amháin eile a d'fhéadfadh fiontar sóisialta a bheith ag iarraidh smaoineamh air, beag beann ar an struchtúr dlíthiúil a roghnaítear, is ea cibé ar cheart dó a bheith ina Chorparáid B Dheimhnithe (ar a dtugtar "**BCorp**" de ghnáth). Is gnólachtaí iad BCorps a fhaigheann deimhniú ag eagraíocht ar a dtugtar BLab má bhaineann siad cothromaíocht amach idir aidhm agus brabús. Le bheith ina BCorp, caithfidh eagraíocht critéir incháilitheachta áirithe a chomhlíonadh agus a doiciméad rialaithe a leasú chun páirtithe leasmhara éagsúla a chur san áireamh. Tá tóir ag teacht ar stádas BCorp a bhaint amach mar mhodh chun tiomantas do chúinsí atá níos leithne ná brabús a dhéanamh a chur in iúl.

# CÉN CINEÁL STRUCHTÚR DLÍ ATÁ CEART DO M'EAGRAÍOCHT?



# STRUCHTÚIR DLÍ



REUTERS/ CATHAL MCNAUGHTON

# 1 CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA

## SRACFHÉACHAINT

### 1.1 FORBHREATHNÚ

Is é Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta ("**CTR**") an fhoirm dhlíthiúil chorparáideach is coitianta le haghaidh eagraíochtaí nach ann dóibh ar mhaithe le brabús príobháideach a dhéanamh, agus le haghaidh fiontair shóisialta in Éirinn, dá bharr sin. Níl scairchaipiteal ag CTR, mar a bhíonn ag formhór na gcuideachtaí teoranta. Ina áit sin, tugann gach comhalta ráthaíocht go ranníocfaidh siad méid socraithe airgid le sócmhainní an CTR sa chás go ndéantar an CTR a fhoirceannadh, airgead atá le húsáid i dtreo fiachais agus dliteanais an CTR a íoc. Go hiondúil, is méid ainmniúil, amhail €1, a bhíonn i gceist.

Tá bunreacht CTR comhdhéanta de dhá chuid. Tugtar an ghníomhaíocht a cheadaítear don CTR a dhéanamh sa "mheabhrán comhlachais". De ghnáth, beidh tagairt do phríomhaidhm nó do phríomhaidhmeanna an fhiontair i gclásal cuspóra fhiontar sóisialta a ionchorpraíodh ina CTR.

Ba cheart foráil a bheith i mbunreacht CTR ar fiontar sóisialta é freisin maidir le sócmhainní a chur "faoi ghlas", chun cosc a chur ar mhaoin an ghnólachta a úsáid chun críocha ar bith seachas a phríomhchuspóir, agus lena gcuirtear cosc, mar shampla, ar dhíbhinní ar bith a íoc lena chomhaltaí. Ar CTR sócmhainneach a leachtú, is coitianta foráil a bheith i mbunreacht an CTR chun an farasbarr sócmhainní a íoc le heagraíocht a bhfuil cuspóirí comhchosúla le cuspóirí an CTR aici (i ndiaidh dliteanais an CTR a íoc).

D'ainneoin sin, ar an gcoinníoll nach bhfuil stádas carthanúil ag CTR, nó srianadh éigin eile atá leagtha amach ina bhunreacht a chuireann cosc air é a dhéanamh, féadfaidh CTR conarthaí a dhéanamh lena chomhaltaí chun bónais a bhaineann le feidhmíocht an CTR a chur ar fáil.

## BUNTÁISTÍ

- √ Dliteanas teoranta do chomhaltaí agus do stiúrthóirí
- √ Tá gníomhaíochtaí teoranta don chlásal cuspóra sonraithe
- √ Is féidir uirlis chun sócmhainní a chur faoi ghlas a ionchorprú sa struchtúr agus ráthaíocht a thabhairt, dá bharr sin, go n-úsáidfear sócmhainní an CTR chun a chuspóirí a chur chun cinn agus nach ndáilfear iad ar a chomhaltaí
- √ Tá ardleibhéal trédhearcachta ag cuideachtaí, mar gheall go gcomhdaíonn siad a gcuntais agus a mbunreacht go poiblí, agus
- √ Is maith a aithníonn maoinitheoirí agus an pobal cuideachtaí.

## MÍBHUNTÁISTÍ

- ☒ Oibleagáidí comhlíontachta leanúnacha agus bliantúla
- ☒ Ní féidir maoiniú a fháil trí bhíthin scaireanna a eisiúint mar nach bhfuil scairchaipiteal ag CTR
- ☒ Ní féidir brabús a dháileadh ar chomhaltaí (míbhuntáiste do chomhaltaí é seo, ach buntáiste do mhaoinitheoirí, seans) agus
- ☒ Cuirtear srian ar chuideachtaí ag riachtanais dhlí na gcuideachtaí, lena n-áirítear ceanglais um thuairisciú agus comhdú, oibleagáidí maidir le ráitis airgeadais a ullmhú agus a iniúchadh (mura bhfuil feidhm le díolúintí) agus rialacha a bheith acu maidir leis an tslí a dtionóltar cruinnithe agus a nglactar cinntí.

## 1.2 Rialachas

Caithfidh CTR ar a laghad comhalta amháin a bheith aige ach níl aon uasteorann comhaltaí ann. De bharr nach bhfuil scairchaipiteal ag CTRanna, níl scaireanna ag na comhaltaí agus ní thugtar scairshealbhóirí orthu.

Is iad na comhaltaí a rialaíonn CTR. Féadfaidh siad rúin speisialta a rith chun bunreacht an CTR a athrú agus tá cumhacht bhunúsach acu chun stiúrthóirí a chur as oifig. Tá comhaltaí i dteideal cóip de ráitis airgeadais bhliantúla an CTR a fháil, lena n-áirítear tuarascálacha na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí leis na ráitis sin.

Caithfidh ar a laghad beirt stiúrthóirí a bheith ag CTR (ar duine nádúrtha 18 mbliana d'aois ar a laghad é/í) agus rúnaí cuideachta, atá in ann a bheith ar dhuine de na stiúrthóirí. Faoi dhlí na gcuideachtaí, cuirtear mar chúram ar stiúrthóirí CTR bainistiú agus rialachas a dhéanamh ar an CTR ó lá go lá agus a bhfuil cúraimí muiníneacha orthu i leith an CTR, cúraimí a liostaítear in Acht na gCuideachtaí 2014. Féadfaidh na stiúrthóirí a gcumhachtaí bainistithe a tharmligean chuig, mar shampla, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Féadfaidh fostaithe an CTR gníomhú mar chomhaltaí agus féadtar iad a cheapadh ina stiúrthóirí (ach amháin sa chás gur charthanas é an CTR. Sa chás sin, ní fhéadfaidh fostaithe a bheith ina stiúrthóirí den CTR).

## 1.3 Rialáil

Is é Acht na gCuideachtaí 2014 a rialaíonn CTRanna agus tá oibleagáidí comhlíontachta leanúnacha agus bliantúla orthu faoin reachtaíocht sin. Caithfidh na stiúrthóirí a chinntiú go gcomhlíonann an CTR na hoibleagáidí sin, cé gur minic go dtarmligtear an fhreagracht as é sin a dhéanamh chuig rúnaí na cuideachta. Mar cheann de na riachtanais in Acht na gCuideachtaí 2014, caithfidh CTRanna tuairisceán bliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú agus a chomhdú san Oifig um Chlárú Cuideachtaí ("OCC"). Braitheann ábhar na ráiteas airgeadais sin, agus an riachtanas maidir le hiniúchadh a dhéanamh orthu, ar láimhdeachas, luach na sócmhainní agus an líon fostaithe atá ag an CTR. Caitear foirmeacha a chomhdú leis an OCC nuair a tharlaíonn imeachtaí áirithe, lena n-áirítear stiúrthóir nua a cheapadh nó stiúrthóir reatha ag dul ar scor.

Caithfidh CTRanna cláir éagsúla áirithe a choinneáil freisin, lena n-áirítear clár de na comhaltaí, stiúrthóirí agus rúnaí, clár de leasanna na stiúrthóirí, leabhar miontuairiscí agus clár d'úinéireacht thairbhiúil (caitear mionsonraí faoin gclár deiridh sin a chomhdú ar chlár a bhfuil fáil ag an bpobal air).

## 1.4 Costais Bhunaithe agus Doiciméid

D'fhonn CTR a bhunú, caitear bunreacht ina leagtar amach cuspóir an CTR agus forálacha a bhaineann le comhaltaí agus stiúrthóirí a cheapadh agus dul ar scor, i measc nithe eile, a chomhaontú agus a chomhdú in OCC.

D'fhonn an CTR a ionchorprú, caitear Foirm A1 (arna síniú ag na comhaltaí, na stiúrthóirí agus an rúnaí beartaithe) a chomhdú in OCC in éineacht leis an mbunreacht. Gearrtar táille

€50 (páipéar) nó €100 (ar líne) ar Fhoirm A1 a chomhdú. Chomh luath agus a nglacann OCC léi, déantar an chuideachta a ionchorprú. Ba cheart don CTR séala cuideachta a fháil ansin chun gníomhais agus doiciméid chomhchosúla a chur i ngníomh.

Beidh na focail "Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta" nó a chomhionann i mBéarla curtha mar iarmhír lena ainm ag CTR, cé go bhféadfaidh CTRanna carthanúla iarratas a dhéanamh an riachtanas sin a ligean ar ceal.

## 1.5 Mar a Dhéileáiltear le Cáin

Ba cheart do CTR clárú le haghaidh cáin chorparáide na hÉireann. Is é 12.5% an ráta cánach corparáide reatha ar bhrabúis trádála agus 25% ar bhrabúis neamhthráchtála. Beidh ar an CTR clárú le haghaidh cánach párolla freisin, agus cuntas a thabhairt uirthi, sa chás go bhfuil fostaithe aige. D'fhéadfadh oibleagáid a bheith ar an CTR clárú le haghaidh CBL, nó féadfaidh sé roghnú clárú má tá bunús aige leis sin a dhéanamh.

## 1.6 Dliteanais

Tá pearsantacht dhlíthiúil CTR ar leithligh ón bpearsantacht atá ag a chomhaltaí. Tá dliteanas chomhaltaí CTR teoranta do mhéid na ráthaíochta, ar mhéid ainmniúil amhail €1 é go minic, mar a luadh thuas, ach amháin sa chás gur thug na comhaltaí ráthaíochtaí pearsanta i ndáil le fiachais an CTR d'eintitis shonraithe, amhail banc.

Tá pearsantacht dhlíthiúil CTR ar leithligh ón bpearsantacht atá ag a stiúrthóirí freisin. De ghnáth, tá an fhéidearthacht ó thaobh dliteanas pearsanta do stiúrthóirí teoranta do chásanna nár fheidhmigh siad go macánta, go freagrúil nó go réasúnta, nó do chásanna inar chomhaontaigh siad go sainráite dliteanas pearsanta a ghlacadh orthu féin, trí bhíthin gníomh éigin a dhéanamh. Is gnáth-chleachtas do CTRanna é árachas i leith stiúrthóirí agus oifigeach a bheith acu.

## 1.7 Tiomsú Airgid

De bharr nach bhfuil scaireanna ag CTRanna, ní fhéadfaidh siad caipiteal a chruinniú trí bhíthin cothromas a infheistiú. De réir bhunreacht CTR, d'fhéadfadh comhaltacht a bheith faoi choinníoll síntiúis a íoc, rud is ionann é agus táille comhaltais, go bunúsach. Féadfaidh CTR bronntanais nó iasachtaí a iarraidh ar a chomhaltaí nó ar an bpobal.

Féadfaidh CTR caipiteal a chruinniú trí bhíthin airgeadas iasachta nó bintiúir, nótaí nó ionstraimí comhchosúla a eisiúint. Féadfaidh CTR deontais nó bronntanais a lorg ó airgeadaithe nó eile.

# 2. CUIDEACHTA PHRÍOBHÁIDEACH FAOI THEORAINN SCAIREANNA

## SRACFHÉACHAINT

### 2.1 FORBHREATHNÚ

Is iad cuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna ("**TEO**") an cineál cuideachta tráchtála is coitianta in Éirinn. Go hiondúil, bunaítear TEO chun dul i mbun trádála le súil agus brabús a dhéanamh agus an brabús sin a dháileadh ar a scairshealbhóirí. Bheadh scairshealbhóirí in TEO ag súil le toradh ar shócmhainní an TEO a fheiceáil freisin, i ndiaidh a dhliteanais a íoc, sa chás go ndéanfaí é a leachtú agus é sócmhainneach. Ní bheadh TEO arna bhunú chun críocha tráchtála agus sin amháin ina fhiontar sóisialta.

Tá cumas neamhtheoranta iomlán ag TEO dul i mbun gnó, de bharr nach bhfuil clásal cuspóra ina bhunreacht, nach bhfuil ach cuid amháin ann. Dá bharr sin, ní dócha gurb é an fheithicil is fearr é d'fhiontar sóisialta, mar gheall nach gcuirtear srian ar an TEO sa bhunreacht dul sa tóir ar aidhm shóisialta, shochaíoch nó chomhshaoil sainráite. Tá sé curtha san áireamh againn sa Treoir seo, áfach, agus aird á tarraingt ar an gcúinsí sin, mar gheall gur féidir TEO a bhunú chun fiontar sóisialta a chur i ngníomh.

### BUNTÁISTÍ

- ✓ Dliteanas teoranta do chomhaltaí agus do stiúrthóirí
- ✓ Solúbthacht maidir le ciste a chruinniú trí bhíthin cothromais agus airgeadas iasachta
- ✓ Tá ardleibhéal trédhearcachta ag cuideachtaí agus
- ✓ Aithníonn maoinitheoirí agus an pobal na cuideachtaí sin go héasca.

### MÍBHUNTÁISTÍ

- ☒ Níl ann do clásal cuspóra sainráite, mar sin níl béim ar chuspóir lena mbaineann tairbhe shóisialta
- ☒ Oibleagáidí comhlíontachta leanúnacha agus bliantúla, agus
- ☒ Tá srianta ag riachtanais dhlí na gcuideachtaí ar chuideachtaí, lena n-áirítear ceanglais um thuairisciú agus comhdú, oibleagáidí maidir le ráitis airgeadais a ullmhú agus a iniúchadh (mura bhfuil feidhm le díolúintí) agus rialacha a bheith acu maidir leis an tslí a dtionóltar cruinnithe agus a nglactar cinntí.

## 2.2 Rialachas

Is iad scairshealbhóirí na cuideachta a fheidhmíonn rialú deiridh air. Caithfidh TEO líon nach lú ná scairshealbhóir amháin a bhfuil ar a laghad scair amháin aige/aici a bheith aige, agus líon nach mó ná 149 scairshealbhóir. Féadfaidh scairshealbhóirí rúin a rith chun bunreacht an TEO a leasú, agus tá an ceart deiridh acu stiúrthóirí a chur as oifig. Tá stiúrthóirí i dteideal na ráitis airgeadais bhliantúla a fháil freisin, lena n-áirítear tuarascálacha na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí leis na ráitis sin.

Féadfaidh TEO aicmí éagsúla scaireanna a eisiúint, a bhfuil cearta éagsúla ag baint leis na scaireanna sna haicmí sin. Bíonn na cearta a bhaineann le haicmí éagsúla scaireanna leagtha amach i mbunreacht an TEO beagnach i gcónaí, cé go bhféadfaidh na scairshealbhóirí iad a chomhaontú agus a thaifeadadh i gcomhaontú ar leithligh idir scairshealbhóirí. Faoi réir ag an bhfáil ar bhrabúis indháilte sna méideanna a bhfuil gá leo, níl teorainn ar TEO maidir le díbhinní a íoc lena scairshealbhóirí, ach amháin sa chás go bhfuil teorainneacha den sórt sin ina bhunreacht, nó sna cearta a bhaineann le aicme scaire ar bith.

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an TEO a bhainistiú agus a riar. Déantar iad a cheapadh agus a chur as oifig de réir bhunreacht an TEO. Cheal forálacha den sórt sin sa bhunreacht, féadfaidh na stiúrthóirí féin agus na comhaltaí breis stiúrthóirí a cheapadh ag cruinnithe ginearálta. Caithfidh na stiúrthóirí a gcúraimí muiníneacha a chomhlíonadh faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Áirítear ar na dualgais sin dualgas gníomhú de mheon macánta chun leasa na cuideachta, dar leo, agus chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint. Féadfaidh na stiúrthóirí a gcumhachtaí bainistithe a tharmligean chuig, mar shampla, POF.

Caithfidh ar a laghad stiúrthóir amháin (ar duine nádúrtha 18 mbliana d'aois ar a laghad é/í) agus rúnaí cuideachta (ar duine nádúrtha 18 mbliana d'aois ar a laghad é/í, nó comhlacht corpraithe) a bheith ag TEO. Féadfaidh an rúnaí cuideachta a bheith ina stiúrthóir freisin, ach amháin sa chás nach bhfuil ann ach stiúrthóir amháin. Caithfidh gach cineál cuideachta stiúrthóir a bheith aici a bhfuil gnáthchónaí air/uirthi i dtír LEE, nó caithfidh sí banna a lóisteáil le OCC chun fíneálacha gan íoc a mhaolú.

Féadfaidh fostaithe an TEO a bheith ina n-úinéirí scaireanna sa TEO (agus a bheith ina gcomhaltaí de, dá bharr sin), nó féadtar iad a cheapadh ina stiúrthóirí (ach amháin sa chás gur charthanas an TEO. Sa chás sin, ní fhéadfaidh fostaithe a bheith ina stiúrthóirí den TEO. Mar sin féin, ní dócha gur fhoirm dhlíthiúil oiriúnach do charthanas iad TEOnna).

## 2.3 Rialáil

Tá TEOnna faoi rialáil Acht na gCuideachtaí 2014 agus tá orthu cloí leis na hoibleagáidí leanúnacha agus bliantúla céanna a leagtar amach thuas i ndáil le CTRanna, lena n-áirítear cláir agus leabhair miontuairiscí a choimeád agus comhaid bhliantúla agus leanúnacha a chur ar aghaidh chuig OCC. Bíonn na comhaid sin ar fáil don phobal ansin. Is scaireanna inaistrithe iad scaireanna in TEOnna (cé go mbíonn siad faoi réir ag cead ó na stiúrthóirí, de ghnáth) agus caitear aistrithe scaireanna a dhoiciméadú agus a thaifeadadh i gclár aistrithe an TEO.

Tá ar TEOnna clár um úinéireacht thairbhiúil a choimeád freisin, nach mór a chothabháil agus a choimeád cothrom le dáta. Déantar an clár sin a chomhdú ar chlár lárnach a bhfuil rochtain ag an bpobal air.

## 2.4 Costais Bhunaithe agus Doiciméid

D'fhonn TEO a ionchorprú, ní mór Foirm A1 (arna síniú ag na scairshealbhóirí, stiúrthóirí agus rúnaí cuideachta beartaithe) a chomhdú in OCC in éineacht leis an mbunreacht. Gearrtar táille €50 (páipéar) nó €100 (ar líne) ar Fhoirm A1 a chomhdú. Chomh luath agus a nglacann OCC léi, déantar an chuideachta a ionchorprú. Ba cheart don CTR séala cuideachta a fháil ansin chun gníomhais agus doiciméid chomhchosúla a chur i ngníomh.

## 2.5 Mar a Dhéileáiltear le Cáin

Ba cheart do TEO clárú le haghaidh cáin chorparáide na hÉireann. Is é 12.5% an ráta cánach corparáide reatha ar bhrabúis trádála agus 25% ar bhrabúis neamhthráchtála. Beidh ar an TEO clárú le haghaidh cánach párolla freisin, agus cuntas a thabhairt uirthi, sa chás go bhfuil fostaithe aige. D'fhéadfadh oibleagáid a bheith ar an TEO clárú le haghaidh CBL, nó féadfaidh sé roghnú clárú má tá bunús aige leis sin a dhéanamh.

## 2.6 Dliteanais

De bharr gur eintiteas dlíthiúil é TEO ar leithligh óna scairshealbhóirí, tá dliteanas teoranta ar na scairshealbhóirí i ndáil le fiachais an TEO. Go ginearálta, bíonn dliteanas scairshealbhóirí TEO teoranta don mhéid gan íoc ar a gcuid scaireanna. Mar sin féin, ní bheidh feidhm leis an bprionsabal sin sa chás go bhfuil ráthaíochtaí pearsanta tugtha ag na scairshealbhóirí i ndáil le fiachais na cuideachta.

Tá pearsantacht dhlíthiúil TEO ar leithligh ón bpearsantacht atá ag a chomhaltaí. De ghnáth, tá an fhéidearthacht ó thaobh dliteanas pearsanta do stiúrthóirí teoranta do chásanna nár fheidhmigh siad go macánta, go freagrúil nó go réasúnta, nó do chásanna inar chomhaontaigh siad go sainráite dliteanas pearsanta a ghlacadh orthu féin, trí bhíthin gníomh éigin a dhéanamh. Is gnáth-chleachtas do TEOanna é árachas i leith stiúrthóirí agus oifigeach a bheith acu.

## 2.7 Tiomsú Airgid

Féadfaidh TEO scaireanna a leithroinnt nó a eisiúint chuig a scairshealbhóirí chun caipiteal a chruinniú. Déanfar scairshealbhóir sa TEO d'infheisteoir a dhéanann infheistíocht chothromais sa TEO trí bhíthin scaireanna a cheannach. Féadfaidh TEO bronntanais agus iasachtaí a iarraidh ar a scairshealbhóirí freisin.

Féadfaidh TEO ciste a chruinniú trí bhíthin cothromas ina chaipiteal a thairiscint i gcomaoin infheistíocht sheachtrach, iasachtaí nó cineálacha eile fiachais. Go ginearálta, níl cead ag TEO scaireanna ná bintiúir a thairiscint don phobal i gcoitinne.

# 3 CUIDEACHTA GNÍOMHAÍOCHTA AINMNITHE

## SRACFHÉACHAINT

### 3.1 FORBHREATHNÚ

Tá dhá chineál Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe ("CGA") in Éirinn. Is Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna í an chéad cheann, nach bhfuil de chumas aici ach na gníomhartha nó na rudaí sin arna leagan amach sa mheabhrán comhlachais ina bunreacht (ina bhfuil dhá chuid) a dhéanamh. Is annamh an dara cineál, Cuideachta phríobháideach faoi Theorainn Ráthaíochta a bhfuil scairchaipiteal aici, agus ní phléitear léi sa Treoir seo. Meastar go bhfuil níos lú ná 100 CGA atá faoi theorainn ráthaíochta agus a bhfuil scairchaipiteal acu cláraithe in Éirinn.

Tá clásal cuspóra i mbunreacht CGA, mar is amhlaidh i gcás CTR, lena leagtar amach an ghníomhaíocht chorparáideach a cheadaítear don CGA a dhéanamh. Féadfaidh fiontar sóisialta coinníoll a dhéanamh dá chuspóir sa chlásal cuspóra, rud a cheanglóidh an CGA leis an gcuspóir sin. A mhéid gur ann do CGA ar mhaithe le cuspóir sóisialta, sochaíoch nó comhshaoil a bhaint amach, mar a leagtar amach ina bhunreacht, is í an oibleagáid atá ar na stiúrthóirí an aidhm shonraithe a bhrú chun cinn. Féadtar forálacha a chur sa bhunreacht lena gcuirtear uasteorainn ar an méid díbhinní is féidir a íoc le scairshealbhóirí nó chun soláthar a dhéanamh d'uirlis iomlán chun sócmhainní a chur faoi ghlas (féach thuas i gcuid 0).

## BUNTÁISTÍ

- ✓ Dliteanas teoranta do chomhaltaí agus do stiúrthóirí
- ✓ Déantar éascaíocht leis an gclásal cuspóra sainráite chun an cuspóir sóisialta, sochaíoch nó comhshaoil a chur san áireamh agus díriú air
- ✓ Solúbthacht maidir le ciste a chruinniú trí bhíthin cothromais agus airgeadas iasachta
- ✓ Tá ardleibhéal trédhearcachta ag cuideachtaí, agus
- ✓ Aithníonn maoinitheoirí agus an pobal cuideachtaí.

## MÍBHUNTÁISTÍ

- ☒ Oibleagáidí comhlíontachta leanúnacha agus bliantúla, agus
- ☒ Tá srianta ag riachtanais dhlí na gcuideachtaí ar chuideachtaí, lena n-áirítear ceanglais um thuairisciú agus comhdú, oibleagáidí maidir le ráitis airgeadais a ullmhú agus a iniúchadh (mura bhfuil feidhm le díolúintí) agus rialacha a bheith acu maidir leis an tslí a dtionóltar cruinnithe agus a nglactar cinntí.

## 3.2 Rialachas

Caithfidh CGA líon nach lú ná comhalta amháin a bheith aici, comhalta atá ina úinéir scaireanna agus a fhéadtar scairshealbhóir a thabhairt air/uirthi dá bharr sin, agus líon nach mó ná 149 scairshealbhóirí. Tá na cearta céanna ag scairshealbhóirí faoi dhlí na gcuideachtaí agus atá ag comhaltaí TEO, agus is iomaí ceart atá i gcoiteann acu le comhaltaí CTR. Féadfaidh srianta nó toirmisc maidir le díbhinní a íoc a bheith i mbunreacht fhiontar sóisialta atá leagtha amach mar CGA, nó féadfaidh sé soláthar a dhéanamh nach mbeadh díbhinní le híoc ach amháin i gcúinsí shonraithe nó suas go méid áirithe.

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an CGA a bhainistiú agus a riar. Déantar iad a cheapadh agus a chur as oifig de réir bhunreacht an CGA. Cheal forálacha den sórt sin sa bhunreacht, féadfaidh na stiúrthóirí féin agus na comhaltaí breis stiúrthóirí eatramhacha a cheapadh ag cruinnithe ginearálta. Caithfidh na stiúrthóirí a gcúraimí dlíthiúla a chomhlíonadh faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Áirítear ar na dualgais sin dualgas gníomhú de mheon macánta chun leasa na cuideachta, dar leo, agus chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint. Féadfaidh na stiúrthóirí a gcumhachtaí bainistithe a tharmligean chuig, mar shampla, POF.

Caithfidh ar a laghad beirt stiúrthóirí (ar daoine nádúrtha 18 mbliana d'aois ar a laghad iad) agus rúnaí cuideachta, a fhéadfaidh a bheith ar dhuine de na stiúrthóirí, a bheith ag CGA.

Féadfaidh fostaithe an CGA a bheith ina n-úinéirí scaireanna i scairchaipiteal an CGA (agus a bheith ina gcomhaltaí di, dá bharr sin), nó féadtar iad a cheapadh ina stiúrthóirí (ach amháin sa chás gur charthanas an CGA. Sa chás sin, ní fhéadfaidh fostaithe a bheith ina stiúrthóirí den CGA).

## 3.3 Rialáil

Tá CGAnna faoi rialáil Acht na gCuideachtaí 2014 agus tá orthu cloí leis na hoibleagáidí leanúnacha agus bliantúla céanna a leagtar amach thuas i ndáil le CTRanna agus TEOnna, lena n-áirítear cláir agus leabhair miontuairiscí a choimeád agus comhaid bhliantúla agus leanúnacha a chur ar aghaidh chuig OCC. Bíonn na comhaid sin ar fáil don phobal ansin. Murab ionann agus CTRanna, caithfidh CGAnna doiciméadacht aistriú scaireanna a chomhlánú gach uair a thagann athrú ar a chomhaltas.

Tá ar CGAnna clár um úinéireacht thairbhiúil a choimeád freisin, nach mór a chothabháil agus a choimeád cothrom le dáta. Déantar an clár sin a chomhdú ar chlár lárnach a bhfuil rochtain ag an bpobal air.

## 3.4 Costais Bhunaithe agus Doiciméid

D'fhonn CGA a bhunú, ba cheart bunreacht a dhréachtú, ina leagtar amach go cruinn aidhmeanna an CGA agus forálacha a bhaineann le comhaltaí agus stiúrthóirí a cheapadh agus dul ar scor. Ag brath ar an méid mionsonraí a bheartaítear a chur san áireamh sa bhunreacht, féadfaidh an bunreacht a bheith ina dhoiciméad aon leathanaigh. Is coitianta gur doiciméad i bhfad níos faide ná sin a bhíonn ann, áfach.

D'fhonn an CGA a ionchorprú, caitear Foirm A1 (arna síniú ag na comhaltaí, na stiúrthóirí agus an rúnaí beartaithe) a chomhdú in OCC in éineacht leis an mbunreacht. Gearrtar táille €50 (páipéar) nó €100 (ar líne) ar a Foirm A1. Chomh luath agus a nglacann OCC léi, déantar an chuideachta a ionchorprú.

## 3.5 Mar a Dhéileáiltear le Cáin

Ba cheart do CGA clárú le haghaidh cáin chorparáide na hÉireann. Is é 12.5% an ráta cánach corparáide reatha ar bhrabúis trádála agus 25% ar bhrabúis neamhthráchtála. Beidh ar an CGA clárú le haghaidh cánach párolla freisin, agus cuntas a thabhairt uirthi, sa chás go bhfuil fostaithe aige. D'fhéadfadh oibleagáid a bheith ar an CGA clárú le haghaidh CBL, nó féadfaidh sé roghnú clárú má tá bunús aige leis sin a dhéanamh.

## 3.6 Dliteanais

De bharr go bhfuil CGA ina eintiteas dlíthiúil ar leithligh óna scairshealbhóirí, tá dliteanas teoranta ag na scairshealbhóirí i ndáil le fiachais an CGA. Go ginearálta, bíonn dliteanas scairshealbhóirí CGA teoranta don mhéid gan íoc ar a gcuid scaireanna. Mar sin féin, ní bheidh feidhm leis an bprionsabal sin sa chás go bhfuil ráthaíochtaí pearsanta tugtha ag na scairshealbhóirí i ndáil le fiachais na cuideachta.

Tá pearsantacht dhlíthiúil CGA ar leithligh ón bpearsantacht atá ag a chomhaltaí. De ghnáth, tá an fhéidearthacht ó thaobh dliteanas pearsanta do stiúrthóirí teoranta do chásanna nár fheidhmigh siad go macánta, go freagrúil nó go réasúnta, nó do chásanna inar chomhaontaigh siad go sainráite dliteanas pearsanta a ghlacadh orthu féin, trí bhíthin gníomh éigin a dhéanamh. Is gnáth-chleachtas do CGAanna é árachas i leith stiúrthóirí agus oifigeach a bheith acu.

## 3.7 Tiomsú Airgid

Féadfaidh CGA scaireanna a leithroinnt nó a eisiúint chuig a scairshealbhóirí chun caipiteal a chruinniú. Déanfar scairshealbhóir sa CGA d'infheisteoir a dhéanann infheistíocht chothromais sa CGA trí bhíthin scaireanna a cheannach. Féadfaidh CGA bronntanais agus iasachtaí a iarraidh ar a chomhaltaí agus ar dhaoine eile freisin.

Féadfaidh CGA ciste a chruinniú trí bhíthin cothromas sa chuideachta a thairiscint i gcomaoin infheistíocht sheachtrach, iasachtaí nó cineálacha eile fiachais. Féadfaidh CGA cineálacha éagsúla bintiúir a thairiscint don phobal, seachas scaireanna ina chaipiteal.

# 4 COMHARCHUMANN

## SRACFHÉACHAINT

### 4.1 FORBHREATHNÚ

Is éard atá i gComharchumann (ar a dtugtar cumann tionscail agus choigiltis freisin), comhlacht corpraithe arna bhunú ag grúpa daoine a thagann le chéile chun riachtanais agus uaillmhianta eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir a chomhlíonadh trí bhíthin fhiontar atá faoi chomhrialú daonlathach. Is gnách do chomharchumainn gnó a dhéanamh lena gcomhaltaí féin go príomha agus é d'aidhm leo táirge nó seirbhís a chur ar fáil ar an gcostas is lú agus is féidir. Tá tóir réasúnta orthu mar struchtúr dlí le haghaidh raon leathan fiontar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí fuinnimh phobail.

De ghnáth, cláraítear comharchumainn faoin Acht um Cumann Tionscail agus Choigiltis 1893 (arna leasú) ("**Acht 1893**"), cé go ndéanann roinnt eagraíochtaí a bhfuil gnéithe den chomharchumann acu iad féin a ionchorprú mar chuideachtaí. Féadfaidh Comharchumann feidhmiú i ngnó, tionscal nó trádáil ar bith arna údarú faoina chuid rialacha. Faoi Acht 1893, caithfidh cuspóir an Chomharchumainn – a fhéadtar sochar sóisialta a bheith i gceist leis – a bheith san áireamh sna rialacha sin.

### BUNTÁISTÍ

- ✓ Dliteanas teoranta do chomhaltaí
- ✓ Struchtúr daonlathach
- ✓ Tá gníomhaíochtaí teoranta do na cuspóirí sainráite, agus
- ✓ Féadtar uirlis chun sócmhainní a chur faoi ghlas a ionchorprú sa struchtúr agus dá bharr sin, féadtar ráthaíocht a thabhairt go n-úsáidfear na sócmhainní chun na haidhmeanna a chur chun cinn.

## MÍBHUNTÁISTÍ

- D’fhéadfadh nach bhfuil sé chomh éasca le haithint ag maoinitheoirí agus ag an bpobal agus atá struchtúir eile, go háirithe cuideachtaí
- Caitear cloí leis na rialacháin maidir le Comharchumainn
- Tá roinnt oibleagáidí leanúnacha um chomhdú agus rialáil i gceist, agus
- Níl aon díolúine le haghaidh chomharchumainn bheaga.

## 4.2 Rialachas

Caithfidh ar a laghad seachtar comhaltaí a bheith i gcomharchumann, ar daoine nádúrtha, cuideachtaí agus/nó cumainn eile iad. Caithfidh mionsonraí faoi na téarmaí faoina ligtear comhaltaí isteach sa chomharchumann a chuimsiú i rialacha an chomharchumainn (ar a dtugtar na “Rialacha” nó an “Leabhar Rialacha”), chomh maith leis an modh lena gceaptar, lena leasaítear agus lena gcealaítear Rialacha. Caithfidh mionsonraí faoin tslí ina bhfuil cruinnithe le reáchtáil a bheith sna Rialacha freisin, chomh maith le scála agus cearta vótála. Murab ionann agus cuideachtaí, a fhéadfaidh na comhaltaí comhaontú na cearta vótála a athrú thar aicmí difriúla an chineáil scaire nó comhaltais, níl ach vóta amháin an duine ag na comhaltaí ar fad.

Coiste Bainistithe a rialaíonn comharchumann. Caitear cumhachtaí agus dualgais an Choiste a leagan amach sna Rialacha a rialaíonn an comharchumann.

## 4.3 Rialáil

Cláraítear comharchumainn faoi Acht 1893 agus bíonn siad cláraithe ar Chlár na gCara-Chumann, arna riar ag OCC. Caithfidh Cláraitheoir na gCara-Chumann Rialacha an chomharchumainn a cheadú.

Tá ar chomharchumainn tuairisceán bliantúil agus ráitis airgeadais a chur faoi bhráid OCC. Caitear ráitis airgeadais bhliantúla gach comharchumainn a iniúchadh. Sa chás go ndéantar athruithe áirithe ar riarachán nó ar stádas an chomharchumainn (lena n-áirítear athrú ar an seoladh cláraithe nó athrú ar na Rialacha), ní mór sin a chomhdú. Tá

comharchumainn faoi réir ag na rialacháin chéanna um úinéireacht thairbhiúil a chomhdú agus na rialacháin sin a bhaineann le cuideachtaí.

## 4.4 Costais Bhunaithe agus Doiciméid

D'fhonn clárú mar chomharchumann, caitear Foirm A1 agus dhá chóip de Rialacha an chomharchumainn a chur faoi bhráid Chláraitheoir na gCara-Chumann. Braitheann na táillí a bhaineann leis sin ar cibé an n-úsáidtear na "Rialacha Samhlacha" arna gceadú ag an gCláraitheoir i ndáil leis na Rialacha arna n-ullmhú ag grúpaí ionadaíocha áirithe ar chomharchumainn. Idir €50 agus €200 a bhíonn ar na táillí.

## 4.5 Mar a Dhéileáiltear le Cáin

De bharr gur comhlachtaí corpraithe iad comharchumainn, tá siad faoi réir ag cáin chorparáide. Is é 12.5% an ráta cánach corparáide reatha ar bhrabúis trádála agus 25% ar bhrabúis neamhthráchtála. Ba cheart do chomharchumann smaoineamh ar cibé an dteastaíonn clárú le haghaidh CBL freisin.

## 4.6 Dliteanais

Tá pearsantacht dhlíthiúil ar leithligh óna chomhaltaí ag comharchumann. Faoi Acht 1893, tá teorainn ar dhliteanas a chomhaltaí. Dá bharr sin, ní bheidh comhaltaí dlite ach amháin don mhéid atá gan íoc ar a dtáille comhaltais i gcás go ndéantar an comharchumann a fhoirceannadh, ach amháin sa chás go bhfuil gníomhaíochtaí sonracha déanta acu, amhail comhaontú go sainráite ráthaíocht a thabhairt i dtaobh fiachais an chumainn.

## 4.7 Tiomsú Airgid

Déanann na comhaltaí ranníocaí go cothromasach le caipiteal a gcomharchumainn, agus rialaíonn siad é go daonlathach. Cuirtear teorainneacha ar an méid a fhéadfaidh comhalta a bheith aige/aici trí bhíthin leas i scaireanna chomharchumainn. Faoin reachtaíocht reatha, socraítear nach bhféadfaidh aon chomhalta aonair leas níos mó ná €150,000 nó 1% de luach iomlán sócmhainní an chomharchumainn, pé acu is airde, a bheith aige/aici i gcomharchumann, ach amháin sa chás go bhforáiltear a mhalairt i rialacha an chomharchumainn. Féadfaidh comharchumann bronntanais nó iasachtaí a iarraidh ar a chomhaltaí freisin.

Faoin reachtaíocht lena rialaítear comharchumainn, cuirtear srianta áirithe ar scairchaipiteal os cionn méideanna áirithe a chruinniú, gan cead roimh ré ó Chláraitheoir na gCara-Chumann. Féadfaidh comharchumainn airgeadas a chruinniú trí bhíthin airgeadas iasachta, deontais agus bronntanais freisin.

# 5 TRÁDÁLAÍ AONAIR

## SRACFHÉACHAINT

### 5.1 FORBHREATHNÚ

Is duine aonair a bhunaíonn gnó é trádálaí aonair. Níl aon riachtanais maidir le clárú ná foirmiúlachtaí i gceist le gnó mar thrádálaí aonair a bhunú, seachas an riachtanas ainm an ghnó a chlárú sa chás go bhfuil an t-ainm sin éagsúil ó ainm an trádálaí aonair. Dá bharr sin, is é seo an struchtúr uathoibríoch do dhuine a bhunaíonn gnó thar a c(h)eann féin gan ionchorprú. Níl pearsantacht dhlíthiúil ar leithligh ag trádálaí aonair ón ngnó a bhfuil sé/sí ina bhun. Ciallaíonn sé sin gur ar an duine sin a bheidh an dliteanas ar fad a bhaineann leis an ngnó.

### BUNTÁISTÍ

- ✓ Éasca le bunú, agus
- ✓ Níos lú rialachais agus rialála ná mar a bhaineann le formhór mór na struchtúr eile.

### MÍBHUNTÁISTÍ

- ☒ Dliteanas pearsanta
- ☒ Níos deacra ciste a chruinniú
- ☒ Leibhéal íseal trédhearcachta mar nach ndéantar cuntais ghnó a chomhdú, agus
- ☒ Deacair a léiriú go bhfuil an gnó ceangailte le cuspóir sóisialta, sochaíoch nó comhshaoil, mar nach ann do dhoiciméad rialála poiblí.

## 5.2 Rialachas

Tá saoirse ag trádálaithe aonair a ngnó a shocrú mar is mian leo.

## 5.3 Rialáil

Níl trádálaithe aonair faoi réir ag oibleagáidí comhlíontachta leanúnacha ná bliantúla a bhaineann leis an struchtúr dlíthiúil seo. Is é sin ceann de na difríochtaí is mó idir trádálaí aonair agus cuideachta. Mar sin féin, beidh rialacháin eile i bhfeidhm le trádálaithe aonair ar an tslí chéanna a mbíonn siad i bhfeidhm le cúrsaí gnó go ginearálta, lena n-áirítear reachtaíocht um shláinte agus sábháilteacht, reachtaíocht um chosaint sonraí, riachtanais a bhaineann le taifid airgeadais agus eile a choimeád, etc. Mar a luadh thuas, ceanglaítear ar thrádálaithe aonair nach bhfuil ag trádáil faoina n-ainm féin ainm gnó a chlárú le OCC.

## 5.4 Costais Bhunaithe agus Doiciméid

Go ginearálta, agus seachas mar a luadh thuas maidir le hainmneacha gnó, ní cheanglaítear ar thrádálaithe aonair a ngnó a chlárú ná doiciméadacht a chur faoi bhráid chomhlachtaí rialála ar bith chun iad féin a "bhunú".

## 5.5 Mar a Dhéileáiltear le Cáin

Is é stádas cónaithe, stádas gnáthchónaithe agus stádas sainchónaithe a chinneann an méid cánach ioncaim a ghearrtar ar dhuine in Éirinn. Bunaítear cánachas trádálaí aonair ar chuntais bhliantúla an ghnó don bhliain chánach is infheidhme. Tá raon asbhaintí a fhéadfaidh trádálaí aonair a éileamh a d'fhéadfadh a bhille cánach foriomlán a laghdú, lena n-áirítear costais ghnó ó lá go lá agus liúntais chaipitiúla ar chaiteachas caipitiúil an ghnó. Tá trádálaithe aonair i dteideal creidmheasanna cánach pearsanta a fháil freisin.

Anuas ar cháin ioncaim, tá trádálaithe aonair faoi dhliteanas an mhuirir shóisialaigh uilíoch agus árachais shóisialaigh pá-choibhneasa, a ghearrtar ar a n-ioncam, chomh maith le cáin ghnóthachan caipitiúil ar aon ghnóthachan caipitiúil a dhéanann siad.

## 5.6 Dliteanais

Ceann de na príomh-mhíbhuntáistí a bhaineann le bheith i do thrádálaí aonair is ea nach bhfuil dliteanas teoranta ag trádálaithe aonair i ndáil leis na fiachais agus na dliteanais a thabhaítear agus iad i mbun gnó. De bharr nach eintiteas dlíthiúil atá ar leithligh ón trádálaí aonair é an gnó, tá trádálaí aonair dlite go pearsanta as fiachais uile an ghnó.

## 5.7 Tiomsú Airgid

Níl de chumas ag trádálaithe aonair caipiteal a chruinniú ar an tslí chéanna a dhéanann formhór mór na gcuideachtaí, trí bhíthin scaireanna a dhíol nó a eisiúint. Go hiondúil, úsáidfidh trádálaí aonair a chuid airgid féin chun a ghnó a bhunú. Féadfaidh trádálaithe aonair airgead a fháil trí bhíthin iasacht urraithe ag sócmhainní an ghnó nó a shócmhainní féin, nó, i gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh siad iasachtaí neamhurraithe a fháil.

# 6 COMHLACHAS NEAMHCHORPRAITHE

## SRACFHÉACHAINT

### 6.1 FORBHREATHNÚ

Is éard atá i gcomhlachas neamhchorpraithe, grúpa daoine a thagann le chéile agus comhchuspóir acu. Níl pearsantacht dhlíthiúil ar leithligh aige agus is i seilbh dhlíthiúil a chomhaltaí atá aon mhaoin atá ina sheilbh. Ní baineann comhaltaí chomhlachas neamhchorpraithe tairbhe as dliteanas teoranta agus tá siad faoi dhliteanas i leith fhiacha na heagraíochta.

De ghnáth, leagtar amach na gníomhaíochtaí agus na cumhachtaí a cheadaítear don chomhlachas neamhchorpraithe ina dhoiciméad rialaithe. I gcás fiontair shóisialta, bheadh tagairt do phríomhaidhmeanna an fiontair shóisialta san áireamh, de ghnáth.

### BUNTÁISTÍ

- ✓ Éasca le bunú
- ✓ Tá clásal cuspóra ann le go bhféadtar cuspóir sóisialta, sochaíoch nó comhshaoil sainráite a chur san áireamh, agus
- ✓ Níos lú rialachais agus rialála ná mar a bhaineann le formhór mór na struchtúr eile.

### MÍBHUNTÁISTÍ

- ☒ Dliteanas pearsanta dá chomhaltaí agus dá chuid oifigeach
- ☒ Níos deacra ciste a chruinniú, agus
- ☒ Leibhéal an-íseal trédhearcachta mar nach ndéantar cuntais ghnó a chomhdú.

## 6.2 Rialachas

Go ginearálta tá saoirse ag comhlachas neamhchorpraithe ghnó a shocrú mar is mian leis. Níl aon dlí sonrach ann a cheanglaíonn go ndéanfaí a rialachas a bheith struchtúrtha ar shlí áirithe, cé go mbeidh feidhm le rialacha faoin dlí coiteann maidir le cruinnithe a ghairm agus a thionól. Féadfaidh na comhaltaí rialacha a chomhaontú a bheidh i bhfeidhm leis an eagraíocht, lena n-áirítear oifigigh na eagraíochta a cheapadh agus an tslí a bhfeidhmeoidh próisis agus nósanna imeachta. Beidh na comhaltaí agus na hoifigigh faoi cheanglas ag cuspóirí an chomhlachais agus beidh siad faoi oibleagáid gan dada atá taobh amuigh de raon feidhme na gcuspóirí a dhéanamh.

Féadfaidh duine a bheith ina fhostaí de chuid chomhlachas neamhchorpraithe agus ina chomhalta nó ina oifigeach den chomhlachas neamhchorpraithe (ach amháin sa chás gur charthanas é an comhlachas neamhchorpraithe. Sa chás sin, ní fhéadfaidh an fostaí a bheith ina oifigeach den charthanas).

## 6.3 Rialáil

Níl comhlachais neamhchorpraithe faoi réir ag na riachtanais chomhlíontachta agus riaracháin chéanna agus atá cuideachtaí. Níl aon oibleagáid orthu tuairisceán bliantúil ná cuntais a chomhdú, ná iniúchadh a dhéanamh ar a gcuntais.

## 6.4 Costais Bhunaithe agus Doiciméid

Níl ann do nós imeachta foirmiúil chun comhlachas neamhchorpraithe a bhunú. Chomh luath agus atá doiciméad rialaithe ullmhaithe agus sínithe ag na comhaltaí, féadtar an comhlachas neamhchorpraithe a bhunú.

## 6.5 Mar a Dhéileáiltear le Cáin

De bharr nach bhfuil pearsantacht dhlíthiúil ar leithligh ag comhlachas neamhchorpraithe, tá a chomhaltaí faoi réir cánach. Tá tuilleadh mionsonraí faoi dhliteanais chánach daoine aonair leagtha amach sa chuid thuas dar teideal "Trádálaí Aonair".

## 6.6 Dliteanais

De bharr nach bhfuil pearsantacht dhlíthiúil ag comhlachas neamhchorpraithe ar leithligh óna chomhaltaí, ní bhaineann na comhaltaí tairbhe as dliteanas teoranta. Is féidir iad a chur faoi dhliteanas i gcomhpháirt ná go leithleach maidir le nithe is siocair le dliteanas.

## 6.7 Tiomsú Airgid

De bharr nach bhfuil scaireanna ag comhlachas neamhchorpraithe, ní fhéadfaidh sé ciste a chruinniú trí bhíthin infheistíocht chothromais. Féadfaidh sé ciste a chruinniú trí bhíthin iasachtaí, airgeadas, deontais agus bronntanais. Féadfaidh rialacha an chomhlachas neamhchorpraithe ceanglas a chur ar a chomhaltaí táillí síntiúis a íoc. Féadfaidh comhlachas neamhchorpraithe bronntanais agus iasachtaí a iarraidh ar a chomhaltaí agus ar dhaoine eile.

# 7 COMHPHÁIRTÍOCHT

## SRACFHÉACHAINT

### 7.1 FORBHREATHNÚ

Tarlaíonn comhpháirtíocht go huathoibríoch nuair a théann beirt nó níos mó i mbun gnó i gcomhar le súil agus brabús a dhéanamh agus sa chás nach n-ionchorpraítear an gnó mar chuideachta nó mar chomhlacht corpraithe eile. Níl aon riachtanais ná foirmiúlachtaí cláraithe ann chun comhpháirtíocht a bhunú, seachas i ndáil le hainmneacha gnó a chlárú, mar a phléitear thíos. Ní eintiteas dlíthiúil ar leithligh óna comhpháirtithe í comhpháirtíocht (cé go gcaitheann an dlí léi mar sin i gcúinsí áirithe) agus ní bhaineann na comhpháirtithe leas as cosaint ó dhliteanas teoranta i gcomhpháirtíocht ghinearálta.

Is féidir, faoi dhlí na hÉireann, comhpháirtíochtaí teoranta a ionchorprú, sa chás nach bhfuil ach dliteanas teoranta i leith fhiachais agus oibleagáidí na comhpháirtíochta ag comhpháirtí amháin nó níos mó, ar a dtugtar comhpháirtithe teoranta. Ní fhéadfaidh na comhpháirtithe teoranta sin baint a bheith acu le bainistiú ghnó na comhpháirtíochta gach a stádas dliteanas teoranta a chur i mbaol. Caitear comhpháirtíochtaí teoranta a chlárú le OCC. Tugtar ar aird nach ndéantar breis plé sa Treoir seo ar chomhpháirtíochtaí teoranta agus nach mbaineann na codanna seo a leanas ach le comhpháirtíochtaí ginearálta agus leo sin amháin.

**BUNTÁISTÍ**

- ✓ Éasca le bunú, agus
- ✓ Níos lú rialachais agus rialála ná mar atá ag roinnt de na struchtúir eile.

**MÍBHUNTÁISTÍ**

- ☒ Dliteanas pearsanta do na comhpháirtithe
- ☒ Deacair ciste a chruinniú gan an baol a bheith ann go rangófaí maoinitheoir mar chomhpháirtí
- ☒ Leibhéal íseal trédhearcachta mar nach ndéantar cuntais a chomhdú, agus
- ☒ Deacair a léiriú go bhfuil an gnó ceangailte le cuspóir sóisialta, sochaíoch nó comhshaoil, mar nach ann do dhoiciméad rialála poiblí, cé go rialaítear formhór mór na gcomhpháirtíochtaí trí bhíthin chomhaontú comhpháirtíochta (príobháideach).

## 7.2 Rialachas

Is é an tAcht Comhpháirtíochta 1890, go príomha, a rialaíonn comhpháirtíochtaí. Leagtar amach san Acht sin na bunrialacha réamhshocraithe atá i bhfeidhm le gach comhpháirtíocht. Féadfaidh na comhpháirtithe comhaontú a dhéanamh eatarthu féin go leor de na forálacha sin a leasú agus a chur as an áireamh.

Moltar do chomhpháirtithe ionchasacha comhaontú comhpháirtíochta a phlé agus a chomhaontú sula dtéann siad i gcomhpháirtíocht lena chéile, de bharr nach bhfuil go leor de na forálacha réamhshocraithe faoin Acht Comhpháirtíochta 1890 iomchuí do go leor gnólachtaí, lena n-áirítear an ceart a bheith ag gach comhpháirtí an chomhpháirtíocht a chealú ach fógra a thabhairt, cealú uathoibríoch na comhpháirtíochta ar bhás comhpháirtí agus easpa forála san Acht 1890 maidir le comhpháirtí dul ar scor.

## 7.3 Rialáil

Mar is ionann le trádálaithe aonair, níl comhpháirtíochtaí faoi réir ag oibleagáidí comhlíontachta leanúnacha ná bliantúla a bhaineann leis an struchtúr dlíthiúil seo. Mar sin féin, beidh rialacháin eile i bhfeidhm le fiontair shóisialta arna mbunú trí bhíthin comhpháirtíochta ar an tslí chéanna a bhfuil siad i bhfeidhm le gnólachtaí go ginearálta, lena n-áirítear reachtaíocht um shláinte agus sábháilteacht, reachtaíocht um chosaint sonraí, riachtanais a bhaineann le taifid airgeadais agus eile a choimeád, etc.

Sa chás go dtrádálann comhpháirtíocht faoin ainm gnó atá éagsúil ó shloinnte na gcomhpháirtithe ar leithligh go léir (agus ainmneacha corparáideacha comhpháirtithe ar bith ar cuideachtaí iad), ní mór don chomhpháirtíocht ainm gnó a chlárú le OCC.

## 7.4 Costais Bhunaithe agus Doiciméid

Seachas i ndáil le hainmneacha gnó mar a luadh thuas, ní cheanglaítear ar chomhpháirtíochtaí a ngnólachtaí a chlárú ná doiciméadacht a chur faoi bhráid chomhlacht rialála ar bith chun iad féin a bhunú. Mar a leagtar amach thuas, moltar comhaontú comhpháirtíochta a dhéanamh.

## 7.5 Mar a Dhéileáiltear le Cáin

Ní ghearrtar cáin ar chomhpháirtíochtaí mar eintiteas ar leithligh ó na daoine a chomhdhéanann an chomhpháirtíocht. Gearrtar cáin ar na comhpháirtithe go díreach ar bhrabúis na comhpháirtíochta i gcomhréir lena sciar sa chomhpháirtíocht. Chun forbhreathnú ar mar a dhéileáiltear le cáin a ghearradh ar dhaoine aonair a léamh, féach cuid 5.5 thuas.

## 7.6 Dliteanais

Ní bhaineann comhpháirtithe i gcomhpháirtíocht ghinearálta leas as dliteanas teoranta agus is féidir iad a chur faoi dhliteanas pearsanta i leith fhiacha na comhpháirtíochta sa chás nach bhfuil sí in ann a hoibleagáidí a chomhlíonadh. Tá baol ann freisin go bhféadfadh creidiúnaithe pearsanta comhpháirtí cuid de sciar comhpháirtí i gcomhpháirtíocht a fhorchúiteamh.

## 7.7 Tiomsú Airgid

Go hiondúil, úsáideann comhpháirtithe a gcuid airgid féin chun fiontar sóisialta a bhunú. Féadfaidh comhpháirtithe airgead a fháil trí bhíthin iasacht urraithe ag sócmhainní an ghnó nó a shócmhainní féin, nó, i gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh siad iasachtaí neamhurraithe a fháil.

# 8 IONTAOBHAS

## SRACFHÉACHAINT

### 8.1 FORBHREATHNÚ

Is socrú é iontaobhas ina mbíonn maoin i seilbh ag duine nó ag daoine (na hiontaobhaithe) thar ceann daoine eile (na tairbhithe) chun críocha sonracha. Níl pearsantacht dhlíthiúil ar leithligh óna iontaobhaithe ag iontaobhas agus is i seilbh dhlíthiúil na n-iontaobhaithe atá aon mhaoin atá ina sheilbh. Tá sé oiriúnach d'fhiontair shóisialta de bharr nach bhféadfaidh na hiontaobhaithe leas a bhaint as an iontaobhas agus tá diandualgais mhuiníneacha orthu i leith na dtairbhithe. Is dochraideach iad na dualgais sin, áfach agus, de bharr nach bhfuil pearsantacht dhlíthiúil ar leithligh óna iontaobhaithe ag iontaobhas, d'fhéadfadh na hiontaobhaithe dliteanas pearsanta a thabhú i leith fhiachais an iontaobhais.

### BUNTÁISTÍ

- ✓ Réasúnta éasca le bunú
- ✓ Tá clásal cuspóra aige agus mar sin féadfaidh sé cuspóir sóisialta, sochaíoch nó comhshaoil sainráite a bheith aige, agus
- ✓ Níos lú rialachais agus rialála ná mar atá ag struchtúir eile.

### MÍBHUNTÁISTÍ

- ☒ Dliteanas pearsanta d'iontaobhaithe
- ☒ Níos deacra ciste a chruinniú
- ☒ Gníomhais de dhíth ar athruithe a chur ar na hiontaobhaithe
- ☒ Leibhéal an-íseal trédhearcachta mar nach ndéantar cuntais ghnó a chomhdú, agus
- ☒ D'fhéadfadh sé a bheith deacair a léiriú go bhfuil an gnó ceangailte le cuspóir sóisialta, sochaíoch nó comhshaoil, mar nach ann do dhoiciméad rialála poiblí, cé go bhfógraítear iontaobhas nó a chomhchosúil go príobháideach.

## 8.2 Rialachas

An gníomhas iontaobhais lena mbunaítear an t-iontaobhas agus reachtaíocht rialála a rialaíonn iontaobhais. Cuirtear cúraimí muiníneacha ar iontaobhaithe faoin dlí, lena n-áirítear dualgas maidir le maoin an iontaobhais a chosaint, dualgas maidir le cuntais a choimeád agus faisnéis áirithe a chur ar fáil do na tairbhithe.

## 8.3 Rialáil

Raon reachtaíochta a rialaíonn iontaobhais, lena n-áirítear Acht na nIontaobhaithe 1893 agus an tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009.

Tá ar iontaobhais clár um úinéireacht thairbhiúil a choimeád nach mór a chothabháil agus a choinneáil cothrom le dáta.

## 8.4 Costais Bhunaithe agus Doiciméid

D'fhonn iontaobhas a bhunú, ba cheart gníomhas iontaobhais a ullmhú ina leagtar amach féiniúlacht na n-iontaobhaithe, an mhaoin ar ábhar an iontaobhais í agus an cuspóir atá leis an iontaobhas.

## 8.5 Mar a Dhéileáiltear le Cáin

De bharr nach bhfuil pearsantacht dhlíthiúil ar leithligh óna iontaobhaithe ag iontaobhas, beidh iontaobhaithe an iontaobhais dlite cáin ioncaim a íoc ar bhunráta 20% agus cáin gnóthachan caipitiúil 33% ar ghnóthachain chaipitiúla. Tá cánacha a bhaineann go sonrach le hiontaobhais, agus mar sin moltar go láidir comhairle cánach a fháil i ndáil le struchtúr iontaobhais a bhunú.

## 8.6 Dliteanais

De bharr nach bhfuil pearsantacht dhlíthiúil ar leithligh óna iontaobhaithe ag iontaobhas, ní bhaineann na hiontaobhaithe leas as dliteanas teoranta. Is féidir iontaobhaithe a chur faoi dhliteanas i gcomhpháirt ná go leithleach maidir le nithe is siocair le dliteanas.

## 8.7 Tiomsú Airgid

De bharr nach bhfuil scaireanna ag iontaobhas, ní fhéadfaidh sé ciste a chruinniú trí bhíthin infheistíocht chothromais. Féadfaidh sé ciste a chruinniú trí bhíthin iasachtaí, airgeadas, deontais agus bronntanais.

# 9 STRUCHTÚIR HIBRIDE

Féadfaidh fiontar sóisialta a bheith ina chomhpháirt de "struchtúr hibride". Go ginearálta, cuirtear an cineál sin struchtúir ar bun sa chás go bhfuil gnéithe brabúsacha agus neamhbhrabúsacha araon ag eagraíocht agus gur cinneadh na gnéithe sin a dheighilt ina struchtúir dlí ar leithligh. Is minic a dtagann an cineál sin struchtúir chun cinn le himeacht ama. I gcásanna eile, bunaítear eagraíochtaí ar an tslí sin ón tús.

Is iad na cineálacha struchtúir hibride is coitianta:

1. Máthaireintiteas brabúsach le fo-eintiteas neamhbhrabúsach; nó
2. Máthaireintiteas neamhbhrabúsach le fo-eintiteas trádála.

Agus cinneadh á dhéanamh faoi na cineálacha eintiteas is ceart a bhunú mar mháthaireintiteas agus mar fho-eintiteas, beidh go leor de na pointí arna leagan amach thuas i ndáil le struchtúr dlíthiúil ábhartha. Go hiondúil, bunaítear na struchtúir hibride sin trí bhíthin dhá chuideachta a bhunú, mar gheall go n-éascaíonn sin struchtúr "mháthaireintitis" agus "fo-eintitis" níos soiléire agus níos tipiciúla.

# CÁS-STAIDÉIR



REUTERS/CLODAGH KILCOYNE

# CÁS-STAIDÉAR 1:

## DUBLIN FOOD CO-OPERATIVE SOCIETY LIMITED

Bunaíodh Dublin Food Co-operative Society Limited ("**DFC**") 1983 ar dtús mar chomhlachas neamhchorpraithe sular cláraíodh é in 1991 mar chomharchumann. An príomhchuspóir atá ag DFC, bia folláin, inbhuanaithe agus inacmhainne a sholáthar dá chomhaltaí agus don phobal níos leithne. Ina theannta sin, tá cuspóirí eile ag DFC ina dhoiciméad rialaithe, lena n-áirítear cuspóirí sóisialta éagsúla a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus comhoibriú. Tá thart ar 2,500 comhalta in DFC faoi láthair.

D'fhonn an struchtúr dlíthiúil iomchuí a roghnú, rinne DFC athbhreithniú ar a bhunchuspóir: bunaíodh é chun freagairt do riachtanais a chomhaltaí agus chun cuspóir sóisialta a bhaint amach. Measadh go raibh éiteas an chomharchumainn thar a bheith oiriúnach chun na críocha sin. Chreid bunaitheoirí DFC go láidir i bhféinchabhair, féin-fhreagracht agus a chinntiú go mbeadh ról ag gach duine a bhain leas as gníomhaíochtaí DFC ina rialáil.

Creideann DFC cé go bhfuil an tAcht um Chumainn Tionscail agus Choigiltis beagán seanaimseartha agus go bhfuil gá é a thabhairt cothrom le dáta, (rud atá ar siúl faoi láthair), go dtugann sé cosaint do shamhail an chomharchumann, "vóta amháin ag gach comhalta" fad a thugtar deis don chomharchumann caipiteal a chruinniú óna chomhaltaí.

Coiste bainistíochta (ar a bhfuil 9 gcomhalta) a ritheann DFC. Tá dhá fhochoiste aige freisin agus cúigear ar gach ceann. Tarmligeadh bainistiú feidhmiúcháin DFC chuig Bainisteoir Ginearálta agus chuig Rúnaí. Tá 11 bhall foirne in DFC. Bunreacht (ar a dtugtar an "Leabhar Rialacha") a rialaíonn DFC. Is doiciméad gearr é sin ina bhfuil tuairim is 14 leathanach.

Cé gur bhain DFC leas as roinnt deontas tacaíochta, is comharchumann trádála go bunúsach é. As trádáil a thagann formhór mór ioncam DFC. Is le comhaltaí an chomharchumainn atá tuairim is 75% den trádáil sin agus is le daoine nach comhaltaí iad 25%. Is ó mheascán de tháillí síntiúis, deontais agus ioncam ó chlár forbartha pobail a thagainn an chuid eile d'ioncam DFC.

Is buntáiste ollmhór a bhaineann leis an struchtúr sin, dar le DFC, go bhfuil na hoibleagáidí comhlíontachta níos ísle ná mar a bheadh i gcuideachta agus nach bhfuil an reachtaíocht reatha thar a bheith saintreorach, rud a thugann deis do go leor solúbthachta ó thaobh struchtúir agus doiciméadacht rialála. Ina theannta sin, tugann an reachtaíocht deis plé le go leor nithe faoi rialacha tánaisteacha (seachas faoin Leabhar Rialacha, lena dtugtar níos mó solúbthachta). Buntáistí eile atá tábhachtach don DFC is iad an coincheap "vóta amháin ag comhalta amháin" a chosaint agus buntáistí cánach áirithe (a bhraitheann ar nádúr an chomharchumainn agus a gníomhaíochtaí). Ní mheasann DFC gur dhochraideach iad na hoibleagáidí comhlíontachta do chomharchumainn.

Measann DFC go bhfuil míbhuntáiste sa reachtaíocht a bhaineann le chomharchumainn, amhail easpa díolúine ó iniúchadh. Míníonn DFC gur dheacair é sin do chomharchumainn nuathionscanta nó bheaga, mar gheall nach mbeidh siad ag súil le hioncam mór sna chéad trí bliana. Go dtí go dtabharfar isteach díolúine ó iniúchadh go mbeidh sin dochraideach do chomharchumainn nua. Tá DFC sásta iniúchadh a dhéanamh, mar go measann sé go dtugann sin dearbhú maidir le taifeadadh inmheánach airgeadais DFC.

Beartaíonn DFC cloí leis an struchtúr sin amach anseo agus tá sé ag súil go mór leis an reachtaíocht nua bheartaithe maidir le comharchumainn. Creideann DFC gurb ionann comharchumainn agus an caighdeán is airde d'fhoirm dhlíthiúil le haghaidh fiontar sóisialta a mheaitseálann cuspóir sóisialta, díbhinn shóisialta agus rialú páirtithe leasmhara in aon struchtúr amháin.

# CÁS-STAIDÉAR 2:

Mobility Mojo

## SWAP-ABLE LIMITED T/A MOBILITY MOJO

Bunaíodh Swap-Able Limited sa bhliain 2014 mar Chuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna (“**TEO**”). Sa bhliain 2016, chláraigh an chuideachta an t-ainm gnó “Mobility Mojo”, agus is é sin an t-ainm a thugtar de ghnáth ar an gcuideachta.

Is córas rátála domhanda neamhspleách é Mobility Mojo lena dtugtar rátáil ar inrochtaineacht óstán. Tá mar aidhm leis muinín a thabhairt do dhaoine a bhfuil riachtanais inrochtaineachta acu dul pé áit is mian leo. Tugann an chuideachta uirlisí d’óstáin chun iniúchadh cruinn a dhéanamh ar an leibhéal inrochtaineachta ar a n-áitreabh agus an t-eolas sin a thaispeáint ar a láithreán gréasáin, ionas go bhféadfaidh aíonna cinneadh a dhéanamh faoi cibé an bhfuil óstán oiriúnach dá gcuid riachtanas.

Agus struchtúr dlíthiúil á roghnú acu, dhírigh na bunaitheoirí ar a n-uaillmhian feidhmiú ar scála idirnáisiúnta agus an infheistíocht a fháil chun sin a dhéanamh. Ní raibh siad ag iarraidh brath go hiomlán ar bhronntanais agus ar thiomsú airgid mar gheall ar nádúr sheirbhísí na cuideachta, eadhon “B2B2C” sa Bhéarla, rud a chiallaíonn “gnólacht le gnólacht le tomhaltóir”.

A bunreacht ina bhfuil 23 leathanach a rialaíonn an chuideachta. Tá triúr stiúrthóirí aici (agus is é an rúnaí cuideachta duine díobh). Tá comhaontú scairshealbhóirí ag an gcuideachta freisin lena rialaítear cearta na gcomhaltaí.

Tá infheistíocht phríobháideach agus deontais faighte ag an gcuideachta trí bhíthin Social Entrepreneurs Ireland agus Fiontraíocht Éireann. Faigheann an chuideachta ioncam trí bhíthin íostáille a ghearradh ar óstáin as a seirbhísí freisin. Coinnítear aon bhrabús a dhéantar laistigh den ghnólacht le go bhféadfaidh an chuideachta a sprioc a bhaint amach, eadhon an domhan a dhéanamh inrochtana do chách.

Ní mheasann na stiúrthóirí gur ualach rómhór atá sna hoibleagáidí rialála agus comhlíontachta, mar gheall gurb iad na hoibleagáidí céanna a chuirtear ar gach TEO iad.

# CÁS-STAIDÉAR 3:

Sensational Kids
Realising Potential Together

## SENSATIONAL KIDS CLG t/a SENSATIONAL KIDS

Bunaíodh Sensational Kids CLG sa bhliain 2007 mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta ("**CTR**"). Chláraigh sé an t-ainm gnó "Sensational Kids" sa bhliain 2007 freisin. Is carthanas cláraithe leis an Rialálaí Carthanas í an chuideachta agus tá díolúine ó cháin do charthanais (uimhir CHY) faighte aici ó na Coimisinéirí Ioncaim.

An príomhchuspóir atá ag Sensational Kids, sláinte agus folláine leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus leanaí a dteastaíonn tacaíochtaí breise uathu a chur chun cinn trí bhíthin mheasúnuithe cliniciúla, teiripe shaothair, teiripe maidir le lánpháirtiú céadfach, teiripe urlabhra agus teanga, seirbhísí síceolaíochta agus teiripí bunaithe ar fhianaise. Bíonn tionchar acu sin ar fad ar fhorbairt agus ar fholláine an linbh, agus cabhraíonn siad leo a lánacmhainneacht a bhaint amach. Oibríonn an chuideachta ceithre ionad forbartha do leanaí ar fud na hÉireann. Tá siad sin lonnaithe i gCill Dara, i Maigh Eo, i Muineachán agus in Iarthar Chorcaí.

Rinne na bunaitheoirí breithniú ar chúinsí éagsúla agus an struchtúr dlíthiúil is oiriúnaí á roghnú acu, lena n-áirítear a gcuspóir maidir le bheith mar eagraíocht faoi threallús misin, ina gcuirtear gach brabús ar ais sa mhisean agus ina bhfuil an tionchar sóisialta chomh tábhachtach céanna leis an inbhuanaitheacht airgeadais. Ina theannta sin, trí bhíthin struchtúr CTR a thabhairt do Sensational Kids, ar carthanas cláraithe é, éascaíodh don chuideachta teacht ar mhaoiniú daonchairdiúil agus ar thacaíocht earnála, a theastaíonn ar mhaithe le hinbhuanaitheacht airgeadais. Is ó ranníocaí ioncaim chliniciúil a thagann formhór de mhaoiniú na cuideachta (51%) agus is ó ranníocaí ó cheardlanna oiliúna (3%), ó thiomsú airgid (12%) agus ó ioncam miondíola (34%) a thagann an chuid eile.

Tá bord de sheachtar stiúrthóirí deonacha ag an gcarthanas, chomh maith le rúnaí cuideachta deonach. Tá foireann bhainistithe shinsearaigh de cheathrar ann freisin (lena n-áirítear a POF) arb iad beirt fhostaithe lánaimseartha agus beirt páirt-aimseartha. Anuas air sin, fostaíonn an chuideachta foireann os cionn 20 fostaí, seisear fochonraitheoirí agus triúr oibrithe Fostaíochta Pobail/scéim Tús.

Tá bunreacht tuairim is 20 leathanach ar fhad ag Sensational Kids ina bhfuil na clásail a éilíonn an Rialálaí Carthanas agus na Coimisinéirí Ioncaim atá le bheith san áireamh i mbunreacht carthanais (lena n-áirítear an clásal ina bhfuil an uirlis chun sócmhainní a chur faoi ghlas).

Maidir le hoibleagáidí rialála agus comhlíontachta, caithfidh Sensational Kids cloí le hoibleagáidí OCC agus an Rialálaí Carthanas. Measann na stiúrthóirí agus na fostaithe go nglacann sin an-chuid ama, ach feiceann siad an chúis gur ghá leo, ar deireadh.

Aithníonn Sensational Kids gur dheacair a bheith mar "fhiontraí sóisialta" faoi struchtúr CTR, mar gheall nach gceadaítear do charthanais stiúrthóirí a fhaigheann íocaíocht a bheith acu. Dá bharr sin, ní fhéadfaidh an eagraíocht an duine a stiúrann an chuideachta agus a bhaineann fís na cuideachta amach a íoc agus vóta boird a thabhairt dó/di ag an am céanna. Mar sin féin, mar charthanas cláraithe, measann an chuideachta nach bhfuil rogha aici faoi láthair maidir lena struchtúr dlíthiúil.

Ba mhaith leis an gcuideachta níos mó roghanna a fheiceáil maidir le struchtúr dlíthiúil d'fhiontair shóisialta in Éirinn (cosúil leis na roghanna atá ann i dtíortha eile) rud a thabharfadh deis d'fhiontraithe sóisialta fiontair shóisialta a bhunú, seachas roghnú idir samhail "neamhbhrabúsach" agus samhail charthanais.

# CÁS-STAIDÉAR 4:

## FINTAN MULLIGAN t/a 121DIGITAL

Chuaigh Fintan Mulligan (ag trádáil mar 121digital) i mbun gníomhaíochtaí i mí Feabhra 2010 agus chláraigh "121digital" mar ainm gnó le OCC sa bhliain 2013. Faoi láthair, tá an fiontar sóisialta á rith ag beirt; Fintan Mulligan agus a mhac, Marc Mulligan.

An príomhchuspóir atá ag 121digital, scoiteacht daoine scothaosta a mbíonn deacrachtaí acu le TF a mhaolú, mar go gcreideann 121digital gurb iad scileanna digiteacha 'litearthacht' an lae inniu. Tá mar aidhm ag 121digital leas a bhaint as scileanna TF agus dea-thoil oibrithe deonacha óga i scoileanna agus ollscoileanna chun iad a roinnt le daoine scothaosta i bpobail ar fud na hÉireann agus thar lear. Tugadh 121digital do phobail sa Laitvia, sa Fhrainc, sa Pholainn agus san Ostair faoi mhaoiniú Erasmus ón AE sa bhliain 2017.

De bharr nach bhfuil struchtúr dlíthiúil foirmiúil ag 121digital, mar a bheadh ag cuideachta nó comharchumann, níl aon doiciméadacht rialála foirmiúil aige. Ba iad na buntáistí a bhain leis an struchtúr dlíthiúil sin a roghnú, dar le Fintan, costas íosta an struchtúir agus easpa forchostais rialála maidir le hoibleagáidí tuairiscithe. Ba iad na míbhuntáistí príomha a bhain leis an struchtúr sin, dar leis, an easpa cosanta ó dhliteanas i gcás go ndéanfaí éileamh dlíthiúil agus nár cháiligh siad do mhaoiniú deontais ar bith d'fhiontar sóisialta (sna chéad deich mbliana oibríochtaí).

Faigheann 121digital maoiniú ó am go ham ó Rialtas na hÉireann, is é sin, ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, go sonrach, a bhfuil scéim deontais aici chun daoine ar fud na tíre a spreagadh chun bunscileanna digiteacha a fhoghlaim. Fuair 121digital deontas fiontar sóisialta le déanaí chun trealamh caipitiúil a athsholáthar.

# CÁS-STAIDÉAR 5:

## JUMPAGRADE

Tá JumpAgrade bunaithe mar dhá eintiteas: JumpAgrade Limited (TEO), a bunaíodh sa bhliain 2015, agus jumpAgrade Foundation CLG (CTR) a bunaíodh sa bhliain 2020. Oibríonn an eagraíocht le chéile i dtreo an fhís chéanna a bhaint amach: cabhrú le gach dalta a lánacmhainneacht a bhaint amach. Is é príomhchuspóir an fhiontair éagothromas sa chóras oideachais a laghdú. Déanann JumpAgrade é sin trí bhíthin tacaíocht mhúinteoireachta phearsantaithe a chur ar fáil do dhaltaí i ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste nó i ngrúpaí tearc-ionadaithe. Tá sé beartaithe ag JumpAgrade cabhrú le tuilleadh daltaí sna réimsí spreagadh agus muinín trí bhíthin modhanna bunaithe ar thaighde arna seachadadh ag duine ar an láthair.

Ba iad na trí chúinse ba mhó a bhreithnigh jumpAgrade agus struchtúr dlíthiúil á roghnú acu, a éasca a bheadh sé tosú amach, cloí le cuspóir na mbunaitheoirí agus trédhearcacht do chomhpháirtithe jumpAgrade.

Bhunaigh bunaitheoirí jumpAgrade an fiontar sóisialta ar an mbealach sin de bharr nach raibh struchtúr dlíthiúil sainiúil ann d'fhiontair shóisialta in Éirinn. De réir mar a tháinig fás ar an bhfiontar tháinig fás ar an struchtúr dlíthiúil, a chuirtear in oiriúint do na hathruithe a dhéanann na bunaitheoirí. Leis an dá eintiteas (an TEO agus an CTR), tugtar deis do jumpAgrade a aidhmeanna a bhaint amach ar bhealaí éagsúla.

Tá bunreacht ag an dá chuideachta. Tá bunreacht an TEO i bhfad níos giorra ná bunreacht an CTR. Tá an fiontar á rith agus á reáchtáil ag os cionn 10 mball foirne agus 25 mhúinteoir faoi láthair. Faigheann JumpAgrade ioncam trádála, arb é príomhthreallús an fhiontair shóisialta, ina n-oibríonn comhpháirtithe le jumpAgrade chun tacú le daoine óga dul chun cinn san oideachas a dhéanamh. Faigheann JumpAgrade tacaíocht ó eagraíochtaí amhail Rethink Ireland agus Social Entrepreneurs Ireland freisin.

Measann na bunaitheoirí gur dhúshlánach iad oibleagáidí rialála agus comhlíontachta an dá chuideachta. Luann na bunaitheoirí go gciallaíonn méid na n-oibleagáidí go gcaithfidh cuideachta gar a fháil ó dhuine éigin agus í ag tosú amach (rud a chruthaíonn míbhuntáiste uathoibríoch do dhaoine nach bhfuil líonra acu le glaoch orthu), nó go leor ama agus iarrachta a chaitheamh ag obair ar dhoiciméadacht dlíthiúil nach bhfuil saineolas ag bunaitheoirí orthu, de ghnáth. Ach am a chaitheamh air sin, ní féidir an t-am sin a chaitheamh ar thionchar fiontair a fhás.

Agus struchtúir dlí féideartha don todhchaí á bhreithniú acu, cuirfidh jumpAgrade béim sa bhliain seo chugainn ar struchtúr tuairiscithe agus rialála níos trédhearcaí a chruthú idir an dá eintiteas. Seans go bhfiosróidh jumpAgrade struchtúr dlíthiúil éagsúil amach anseo, ceann a d'fhéadfadh a shaincheapadh d'fhiontair shóisialta. Tá na bunaitheoirí sásta fiosrú a dhéanamh ar chorparáid shochair a dhéanamh díobh féin, BCorp nó rud éigin comhchosúil.

# GLUAIS

| | |
|---|---|
| **Carthanas** | Eagraíocht a thagann leis an sainmhíniú ar "eagraíocht charthanúil" san Acht Carthanas 2009; |
| **CTR** | Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta, arna rialáil ag Cuid 18 d'Acht na gCuideachtaí 2014; |
| **Bunreacht** | Doiciméad rialaithe eagraíochta; |
| **RC** | An Rialálaí Carthanas, a rialálann eagraíochtaí carthanúla in Éirinn; |
| **OCC** | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí; |
| **CGA** | Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe, arna rialáil ag Cuid 16 d'Acht na gCuideachtaí 2014; |
| **Stiúrthóirí** | Na daoine atá i gceannas ar oibríochtaí cuideachta a bhainistiú ó lá go lá; |
| **Dliteanas Teoranta** | An cumas gan agra a bheith déanta ina leith ach amháin don mhéid airgid a ranníoc duine, nó a thug duine ráthaíocht go ranníocfadh sé, le heintiteas, agus ní sócmhainní eile an duine sin; |
| **TEO** | Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna, arna rialáil ag Codanna 1 go 14 d'Acht na gCuideachtaí 2014; |
| **Comhaltaí** | Geallsealbhóirí cuideachta, arb iad "úinéirí" cuideachta iad, a fheidhmíonn cumhacht rialaithe i leith na cuideachta. I gcás go bhfuil scaireanna ag an gcuideachta, is iad na comhaltaí na scairshealbhóirí; |
| **CBL** | Cáin Bhreisluacha; |
| **Acht 1893** | An tAcht um Chumainn Tionscail agus Choigiltis 1893 (arna leasú). |

THOMSON REUTERS FOUNDATION

www.trust.org